Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15939/23**

**SUSTDEV 152**
**ONU 106**
**ENV 1368**
**DEVGEN 216**
**AG 153**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Samhain 2023 |
| chuig: | Na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15484/23 |
| Ábhar: | Clár Oibre 2030 a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaint amach: Dlús a chur le logánú na SFIanna<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 27 Samhain 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Clár Oibre 2030 a fhorbairt chun na spriocanna seo a leanas a bhaint amach: Dlús a chur le logánú na SFIanna, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3987ú a bhí ar siúl an 27 Samhain 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE DAR TEIDEAL 'CLÁR OIBRE 2030 A FHORBAIRT CHUN NA CUSPÓIRÍ A BHAINT AMACH: DLÚS A CHUR LE LOGÁNÚ NA SFIanna'**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

(1) *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit lántiomanta i gcónaí Clár Oibre 2030 agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a ghabhann leis a chur chun feidhme ar bhealach cuimsitheach comhtháite comhleanúnach éifeachtach, mar an bplean gníomhaíochta comhchoiteann chun an inbhuanaitheacht, cearta an duine agus an comhionannas inscne a chur i gcroílár an bheartais ar leibhéal an Aontais, gan aon duine a fhágáil ar lár. *MEABHRAÍONN SÍ* na conclúidí a ghlac sí roimhe seo maidir leis an ábhar sin[1], na conclúidí ón gComhairle Eorpach ó mhí Dheireadh Fómhair 2018[2], chomh maith leis na príomhtheachtaireachtaí polaitiúla ó Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta 2023 na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe (HLPF) agus ó Chruinniú Mullaigh SFIanna 2023[3], agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* na gealltanais atá iontu.

---

1 Conclúidí ón gComhairle: 'Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (10370/17), 'I dtreo Aontas níos inbhuanaithe faoi 2030' (8286/19), 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 — Dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile' (14835/19), 'Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe — Atógáil níos fearr ó ghéarchéim COVID-19' (9850/21) agus 'An tAontas Eorpach agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: an claochlú a stiúradh agus an dul chun cinn a bhrostú ar gach leibhéal (11084/23)

2 13/18

3 9435/23

(2) Anois ag céim leathbhealaigh de chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, *AITHNÍONN SÍ* go bhfuil an domhan go mór chun cúil ó thaobh na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. Go háirithe, *LEAGANN SÍ BÉIM* ar an imní atá uirthi faoi na héifeachtaí diúltacha atá á gcarnadh suas ag trí mhórghéarchéim an phláinéid, éifeachtaí lena n-áirítear an t-athrú aeráide, truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta, an moill atá tagtha ar an ngníomhú ar son na haeráide, an ghéarchéim dhomhanda bia, suaitheadh na bpraghsanna tráchtearraí, agus riosca méadaitheach na bochtaineachta agus an neamhionannais ar fud an domhain, a bhfuil na daoine is leochailí thíos leis, go háirithe i dtíortha inar corrach na córais cosanta sóisialta, agus sna tíortha sin atá thíos le coinbhleachtaí, idir choinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn agus choinbhleachtaí arb ann dóibh go leanúnach. Thairis sin, *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* nach féidir forbairt inbhuanaithe a bhaint amach d'uireasa na síochána, na slándála agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, mar a chumhdaítear in SFI 16. Dá bhrí sin, *TACAÍONN SÍ* leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go ngníomhófaí le fuinneamh agus le dlús breise chun na SFIanna a bhaint amach, agus leis an ngealltanas comhchoiteann a léirítear i nDearbhú Polaitiúil Chruinniú Mullaigh SDG 2023, chomh maith le príomhtheachtaireachtaí Thuarascáil 2023 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda, go háirithe maidir lena riachtanaí atá sé go ndéanfaí gníomhaíochtaí claochlaitheacha a bheadh fréamhaithe san eolaíocht.

(3) *AITHNÍONN SÍ* nach mbainfear an fhorbairt inbhuanaithe amach ach amháin trí chur chuige comhtháite sistéamach uile-rialtais agus uile-shochaí, lena bhféadfar gníomhaíochtaí comhchoiteanna agus comhleanúnacha a ghníomhachtú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus na héifeachtaí iarmharta á gcur san áireamh, idir dhearfach agus dhiúltach. *TUGANN SÍ dá hAIRE* nach mbainfear amach, de réir ECFE, 65 % de na 169 sprioc atá mar bhonn leis na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe d'uireasa teagmháil agus comhordú ceart a dhéanamh leis na rialtais áitiúla agus réigiúnacha. *MEABHRAÍONN SÍ*, dá bhrí sin, go bhfuil na príomhghníomhaíochtaí a thacaíonn le Clár Oibre 2030 agus le cur chun feidhme na SFIanna ag brath cuid mhaith ar chumais réigiúnacha agus áitiúla, ar ghníomhaíochtaí ón mbun aníos agus ar bheartais forbartha áitiúla.

(4) *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* gur seoladh Chomhghuaillíocht Áitiúil2030 na Náisiún Aontaithe i mí Mheán Fómhair 2021 agus gur aithníodh í i measc na 12 Thionscnamh Ardtionchair ag an gCruinniú Mullaigh maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2023 mar ardán do pháirtithe leasmhara iomadúla chun an comhar a éascú sna Náisiún Aontaithe, agus chun dlús a chur ar an leibhéal idirnáisiúnta le logánú na SFIanna agus chun tacú le hiarrachtaí claochlaitheacha ar an leibhéal áitiúil agus leis an dul chun cinn chun Clár Oibre 2030 a bhaint amach. *AITHNÍONN SÍ* a ábhartha atá sé gur bunaíodh Rúnaíocht do Chomhghuaillíocht Áitiúil2030 na Náisiún Aontaithe, in Bilbao, lena rannchuidítear le feabhsú agus leathnú raon feidhme agus tionchar an ardáin sin do pháirtithe leasmhara iomadúla il-leibhéal de chuid na Náisiún Aontaithe um logánú na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

(5) *MEABHRAÍONN SÍ* an rún a ghlac Comhthionól *Habitat* na Náisiún Aontaithe an 9 Meitheamh 2023 maidir le 'Logánú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe', lena misnítear na Ballstáit agus comhaltaí ghníomhaireachtaí speisialaithe na Náisiún Aontaithe logánú na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn chun dlús a chur leis an ngníomhaíocht ar mhaithe le Clár Oibre 2030 a chomhlíonadh, agus lena bhféachtar le hiarrachtaí a chur chun cinn chun treoraíocht normatach agus uirlisí praiticiúla a fhorbairt a bhaineann le gach gné de logánú na spriocanna forbartha inbhuanaithe, chomh maith le hacmhainneacht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a fhorbairt i ndáil le tuairisciú an dul chun cinn trí athbhreithnithe deonacha áitiúla agus fonáisiúnta.

(6) *AITHNÍONN SÍ* an Rún 'SFIanna i réigiúin agus i gcathracha an Aontais tar éis Athbhreithniú Deonach an Aontais agus plé 2023 na Náisiún Aontaithe' a ghlac Coiste Eorpach na Réigiún ina 157ú seisiún iomlánach[4], chomh maith leis an Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa 'An tAontas Eorpach agus Clár Oibre 2030: cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a neartú'[5] a glacadh an 25 Deireadh Fómhair.

***Borradh a chur faoi logánú Chlár Oibre 2030 ar an leibhéal idirnáisiúnta***

(7) Cé gur spriocanna domhanda iad na spriocanna forbartha inbhuanaithe, *LEAGANN SÍ BÉIM AR* a thábhachtaí atá sé go mbeadh na spriocanna sin beo ina steillbheatha i mbailte, cathracha, ceantair thuaithe agus réigiúin ar fud an domhain, trí bhacainní a bhriseadh idir na leibhéil rialachais agus trí chleachtais nuálacha a scálú mar is cuí. *TUGANN SÍ dá hAIRE* go bhfuil os cionn leath de dhaonra an domhain, de réir mheastacháin na Náisiún Aontaithe, ina gcónaí i gceantair uirbeacha faoi láthair, agus meastar go n-ardóidh an céatadán sin go 70 faoin gcéad faoi 2050. *AITHNÍONN SÍ* go gcuireann cathracha deiseanna ar fáil chun an fhorbairt inbhuanaithe agus soláthar seirbhísí poiblí a neartú, ach go mbaineann rioscaí sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil freisin le próiseas an uirbithe mhear, rud a chuireann leis na neamhionannais agus an bhochtaineacht uirbeach atá ann cheana agus, dá bhrí sin, go dteastaíonn iarrachtaí nuálacha agus níos láidre chun rochtain chomhionann ar thithíocht agus ar sheirbhísí bunúsacha a áirithiú do chách, agus sineirgí idir limistéir thuaithe agus uirbeacha á bhfeabhsú ag an am céanna, agus leas a bhaint as deiseanna agus sainiúlachtaí na limistéar tuaithe chun an comhtháthú críochach agus an fhorbairt chomhchuibhithe a áirithiú.

---

4 *RESOL-VII/030 SDGs in EU regions and cities following the EU Voluntary Review and 2023 UN discussions.*

5 *EESC – NAT/903 Opinion EU and Agenda 2030: strengthening the implementation of the SDGs.*

(8) *AITHNÍONN SÍ* gur den tábhacht an úinéireacht dhaonlathach agus cumhachtú na saoránach ó thaobh na rannpháirtíochta agus go ndéanfaí céimeanna nithiúla chun an comhionannas inscne a bhaint amach i bpróisis logánú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, chomh maith le fothú acmhainneachta agus nuáil i measc na ngníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha d'fhonn na spriocanna forbartha inbhuanaithe a oiriúnú do dhálaí agus réadúlachtaí áitiúla, agus beartais áitiúla láidre fhadtéarmacha a chomhchruthú a chuideodh chun cathracha agus réigiúin níos cuimsithí, níos athléimní agus níos inbhuanaithe a áirithiú. *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* go bhfuil Comhghuaillíocht Áitiúil2030 na Náisiún Aontaithe ag díriú ar chomhpháirtíochtaí páirtithe leasmhara iomadúla a shlógadh, lena n-áirítear le hionadaithe na sochaí sibhialta, agus ar chuir chuige chuimsitheacha nuálacha a spreagadh mar aon le comhroinnt eolais agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta saincheaptha a chothú le haghaidh agus i measc údaráis réigiúnacha agus áitiúla. *AGUS GUR DÍOL SÁSAIMH DI* Ardán G20 maidir le logánú na SFIanna agus Cathracha Idirghabhálacha (G20-PLIC) mar spás oscailte, deonach comhoibríoch le haghaidh idirphlé na bpiaraí agus comhroinnt eolais. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh sin.

(9) *MEABHRAÍONN SÍ* go leagtar síos sa Chomhdhearcadh Eorpach nua maidir le Forbairt ó 2017 go dtacóidh an tAontas agus na Ballstáit le trédhearcacht, cuntasacht agus athchóirithe ar mhaithe le dílárú, i gcás inarb iomchuí, chun údaráis réigiúnacha agus áitiúla a chumhachtú agus chun feabhas a chur ar an rialachas agus ar thionchar na forbartha, agus aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr, ar an gcaoi sin, ar neamhionannais laistigh de thíortha agus eatarthu[6]. *ATHDHEARBHÍONN SÍ* go bhfuil sí tiomanta tacú le próisis chun cabhrú le rialtais réigiúnacha agus áitiúla idirghníomhú go héifeachtúil le daoine agus leis an tsochaí shibhialta ag gach céim den slabhra beartais, go háirithe pleanáil, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht, chomh maith lena gcomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha eile a neartú, lena n-áirítear tríd an gcomhar díláraithe.

(10) *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* an dul chun cinn a rinneadh maidir le Creataí Comhtháite Náisiúnta Maoinithe (INFFanna) chun leanúint de Chlár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme. *LEAGANN SÍ BÉIM* freisin ar a riachtanaí atá sé go leanfaí de thacaíocht a thabhairt do INFFanna mar chur chuige cuimsitheach comhtháite chun maoiniú ó na foinsí uile atá ar fáil a shlógadh, lena n-áirítear cistiú príobháideach chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach agus go rannchuideofaí le neartú an chomhordaithe idir na gníomhaithe ábhartha uile sna tíortha comhpháirtíochta.

[6] An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, mír 86 (10108/17).

(11) *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* straitéis Thairseach Dhomhanda an Aontais chun infheistíochtaí suas le EUR 300 billiún a shlógadh idir 2021 agus 2027, arb é is aidhm di freisin tacú le tíortha comhpháirtíochta agus iad ag dul chun cinn ó thaobh na spriocanna forbartha inbhuanaithe, agus fíorthorthaí forbartha inbhuanaithe a ghiniúint, ar an gcaoi sin, a rachaidh chun tairbhe do phobail áitiúla. I gcomhréir le prionsabail an dea-rialachais agus na trédhearcachta ar a bhfuil an Tairseach Dhomhanda bunaithe, ní mór dóibh siúd is mó a mbeidh tionchar ag tionscadail ionchasacha orthu - pobail áitiúla, gnólachtaí agus páirtithe leasmhara áitiúla eile - a dtuairimí a nochtadh trí rannpháirtíocht fhóinteach sa tsochaí shibhialta ag gach céim den timthriall infheistíochta. Féadfaidh réigiúin agus rialtais áitiúla, ós iad na leibhéil rialtais is gaire do na saoránaigh, róil ríthábhachtacha a imirt, mar shampla tosaíochtaí a bpobal áitiúil a chur in iúl, go háirithe dóibh siúd ar minic imeallaithe nó faoi ghannionadaíocht iad, fréamhú áitiúil na dtionscadal á chothú ag an am céanna, rannchuidiú le trédhearcacht agus cuntasacht agus na sócmhainní straitéiseacha is gá a chur ar fáil chun deiseanna infheistíochta don fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Dá bhrí sin, *IARRANN SÍ* go mbeadh na rialtais réigiúnacha agus áitiúla, in éineacht le hionadaithe na sochaí sibhialta i dtíortha comhpháirtíochta, lán-rannpháirteach agus go ndéanfaí idirphlé leo chun úinéireacht agus ailíniú a áirithiú i gcur i bhfeidhm agus in obair leantach na Tairsí Domhanda trí chur chuige Fhoireann na hEorpa chun dlús a chur le logánú na SFIanna.

(12) *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a ábhartha a bheadh sé acmhainneachtaí Chóras na Náisiún Aontaithe ina iomláine a threisiú le gurbh fhearr go bhféadfaí na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach i ndlúthshineirge le 'Ár gComhchlár Oibre' agus go háirithe trí athchóiriú Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe. *AITHNÍONN SÍ* an rannchuidiú a rinne Ciste Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe chun na críche sin, lena rabhthas in ann freagairt uas-scálaithe a thabhairt ar na SFIanna ar leibhéal na tíre trí chur chuige uile-rialtais agus trí chomhoibriú i measc páirtithe leasmhara éagsúla forbartha, go háirithe an tsochaí shibhialta áitiúil. *FOGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* go bhfuil sé mar aidhm ag an Idirphlé Ardleibhéil idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe an comhar idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe a neartú chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear deiseanna a shainiú le haghaidh rannpháirtíocht chomhpháirteach chomhordaithe beartais le rialtais náisiúnta agus áitiúla de réir mar is iomchuí, mar chuid dá gcuspóirí comhroinnte maidir le habhcóideacht chomhpháirteach agus comhpháirtíochtaí páirtithe leasmhara iomadúla. *AGUS GUR DÍOL SÁSAIMH DI* an obair atá á déanamh ag Ciste Comhpháirteach na SFIanna maidir le logánú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, rud a bheidh ina chumasóir d'acmhainneacht chlaochlaitheach Chlár Oibre 2030 trí réitigh chomhtháite bheartais agus mhaoiniúcháin ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannchuidiú leis an tionscnamh sin agus oibriú i gcomhar leis chun an gcomhoibriú a uas-scálú idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip agus i dtíortha comhpháirtíochta, agus feabhas a chur, ar an gcaoi sin, ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí agus na n-iarrachtaí.

***Feabhas a chur ar an méid atá á dhéanamh ag rialtais áitiúla agus ag réigiúin chun tacú le hiarrachtaí an Aontais forbairt inbhuanaithe a bhaint amach***

(13) *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* nach féidir beartais an Aontais a chur chun feidhme mura gcuirtear i gcrích iad faoi chuimsiú Chlár Oibre 2030 agus na SFIanna a ghabhann leis. *MEABHRAÍONN SÍ*, agus í ag an bpointe leathbealaigh san amlíne, go bhfuil géarghá le dul chun cinn a dhéanamh ar chur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach ar leibhéal an Aontais chun na SFIanna a chur chun feidhme faoi 2030 mar a luaitear sna Conclúidí ón gComhairle roimhe seo. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* arís an iarraidh a rinne sí go ndéanfaí dul chun cinn ar bhonn práinne chun aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme na SFIanna ar gach leibhéal trí dhíriú ar bhearnaí agus trí aghaidh a thabhairt ar idirnaisc, sineirgí, comhbhabhtálacha agus iarmhairtí de mheon Chlár Oibre 2030, mar bhealach chun na SFIanna a logánú a thuilleadh, agus trí chomhsheasmhacht ingearach agus chothrománach a threisiú, agus iarrtar ar an gCoimisiún inteachta féachaint an bhféadfaí straitéis chuimsitheach a ghlacach chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, mar chuid dá thosaíochtaí do thimthriall polaitiúil 2024-2029, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme na SFIanna ar gach leibhéal.

(14) *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a thiomanta go leanúnach atá na réigiúin agus na rialtas áitiúil i dtaca le SFIanna, agus a thábhachtaí atá siad chun forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach a áirithiú san Eoraip, in ainneoin na ngéarchéimeanna idirnáisiúnta iomadúla forluiteacha, lena n-áirítear tionchair na paindéime agus iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le treochtaí déimeagrafacha, an t-aistriú sóisialta, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. *MEABHRAÍONN SÍ*, mar gheall ar an seasamh uathúil atá acu mar na comhlachtaí is gaire don phobal agus do na saoránaigh, go bhfuil rialtais réigiúnacha agus áitiúla ar thús cadhnaíochta maidir leis na SFIanna a shaothrú agus rannpháirtíocht na saoránach a shlógadh agus ról a thabhairt dóibh i réitigh inbhuanaithe, go háirithe i gcás na mban ó gach cuid den tsochaí, chomh maith le rannchuidiú go gníomhach le comhpháirtíochtaí a chothú, faisnéis a chur in iúl agus cur le cleachtais shaincheaptha agus leis na cleachtais is fearr. *IARRANN SÍ* ar na réigiúin agus ar na rialtais áitiúla leanúint agus cur leis na hiarrachtaí chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme trí struchtúir leordhóthanacha rialachais, creataí straitéiseacha agus pleananna gníomhaíochta comhtháite a chur ar bun, chomh maith le sásraí le haghaidh idirphlé struchtúrtha le raon leathan páirtithe leasmhara réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear sineirgí trasteorann a spreagadh a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le comhpháirtíochtaí trasnáisiúnta, comhar agus anailís ar éifeachtaí iarmharta a chur chun cinn, ionas go n-áiritheofar comhordú cothrománach agus ingearach.

(15) *CUIREANN SÍ BÉIM* ar a thábhachtaí atá sé go labhródh Coiste Eorpach na Réigiún ar son réigiún agus rialtas áitiúil san Aontas Eorpach, ag déanamh ionadaíocht ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus ag tabhairt comhairle don Aontas faoi reachtaíocht nua a bhfuil tionchar aici ar réigiúin agus ar chathracha. Ar an gcuma chéanna, *IS MÓR AICI* an méid a chuireann sé leis an idirphlé domhanda maidir le forbairt inbhuanaithe, chomh maith leis an ullmhúchán d'Athbhreithniú Deonach an Aontais Eorpach maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[7] agus leis an gclár a chur i láthair ag HLPF 2023. Ar an gcaoi chéanna, *LEAGANN SÍ BÉIM* ar an obair a dhéanann comhlachais agus líonraí na rialtas áitiúil agus réigiúnach ar an leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun tacú leis na réigiúin agus na cathracha SFIanna a logánú, trí fhothú acmhainneachta, phiarfhoghlaim agus dhea-chleachtais a mhalartú lena n-áirítear maidir le táscairí a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu ar an leibhéal áitiúil chun an dul chun cinn a dhéantar maidir le SFIanna a rianú ar bhonn fianaise. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún leanúint de chur ar chumas na gcathracha agus na réigiún foghlaim óna chéile agus leas a bhaint as fothú acmhainneachta agus as gníomhaíochtaí piarfhoghlama san Aontas agus lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear laistigh de Choiste Eorpach na Réigiún agus trí thionscnaimh um chomhar díláraithe a chur chun cinn. *IARRANN SÍ* ar na Ballstáit tacú le tionscnaimh áitiúla agus réigiúnacha agus teacht ar bhealaí chun a raon feidhme agus a dtionchar a uasmhéadú agus *IARRANN SÍ* orthu a moladh agus a dtaithí a chomhtháthú i gceapadh beartas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

[7] COM/2023/700 final (ST 9391/23)

(16) *AITHNÍONN SÍ* gur gá cur chuige críochach chun próiseas claochlaitheach logánaithe SFI a bhaint amach, agus go dtuigfear an chríoch mar éiceachóras sóisialta, eacnamaíoch, comhshaoil, cultúrtha agus institiúideach a mbeidh daoine ina lár, ionas nach bhfágfar aon áit ná aon duine ar lár, agus chun a áirithiú go mbainfear an sprioc is faide ar gcúl amach ar dtús. *MEABHRAÍONN SÍ* go bhfuil sé ríthábhachtach réitigh a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil agus a áirithiú go dtabharfar tacaíocht dóibh trí chomhordú éifeachtach ingearach agus cothrománach chun go mbainfí leas as acmhainneacht iomlán an chomhleanúnachais beartais agus chun an tionchar is mó is féidir a imirt. Ar an gcaoi chéanna, go hidéalach, ba cheart réitigh áitiúla a bheith fréamhaithe i bpróisis náisiúnta i ndáil le forbairt inbhuanaithe agus i sásraí comhordúcháin gaolmhara chun a áirithiú go gcuirfear aiseolas san áireamh agus go ndéanfar na dea-chleachtais a chuirtear i bhfeidhm ar na leibhéil is airde a chomhtháthú freisin. Chaithfí sineirgí a bhrath agus a chothú chun na gnéithe éagsúla a chur san áireamh, chun tionchair agus idirghníomhaíochtaí a thrasbhailíochtú ar leibhéal éagsúla. Chuige sin, *CUIREANN SÍ i dTREIS* gur gá sásraí éifeachtacha comhordúcháin ingearacha agus cothrománacha ar gach leibhéal rialtais, ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal náisiúnta go dtí an leibhéal Eorpach, lena n-áirithítear comhleanúnachas agus cur i gcrích, ós rud é, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ilghnéithe dhomhanda, mar shampla míchothromaíochtaí – go háirithe míchothromaíochtaí a bhaineann le hinscne agus le hioncam - gur gá comhpháirtíochtaí lena ndéantar cuspóirí beartais agus infheistíochtaí a ailíniú ar gach leibhéal agus lena n-áirithítear freisin costais agus tairbhí an aistrithe i dtreo todhchaí níos glaise, níos cothroime agus níos rathúla araon.

*(17)* *LEAGANN SÍ BÉIM* ar thacaíocht a thugtar ar leibhéal an Aontais do chur chun feidhme SFIanna ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil trí bheartais ábhartha de chuid an Aontais, mar shampla, an Beartas Eorpach Comhtháthaithe Eorpach, agus trí eolas a tháirgeadh mar aon leis an tacaíocht a thugtar d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha i ndáil le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá tionscnaimh mar shampla Bauhaus Eorpach Nua mar phríomhthionscnóir chun SFIanna a logánú trí rannpháirtíocht áitiúil dhaonlathach agus trína chláir a chur i bhfeidhm, agus leas á bhaint, ar an gcaoi sin, as cumhacht chlaochlaitheach an chultúir, na hoidhreachta agus na cruthaitheachta ar mhaithe leis an leas coiteann agus le todhchaí inbhuanaithe. Ar an gcaoi chéanna, *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a thábhachtaí atá an Comhaontú Glas don Eoraip i dtaca le huaillmhian Chlár Oibre 2030 a bhaint amach agus le haghaidh a thabhairt ar an éigeandáil chomhshaoil atá ann faoi láthair agus ar an sásra um aistriú cóir lena gcinnteofar nach bhfágfar aon réigiún ar lár, agus *AITHNÍONN SÍ* go gcaithfidh ról níos mó a bheith ag réigiúin agus ag cathracha chun go gcuirfí an comhaontú chun feidhme chun a áirithiú go rachaidh na hathruithe i bhfeidhm ar an saoránaigh agus go ndéanfar iad a shlógadh.

(18) *MEABHRAÍONN SÍ* gur cur chuige bunúsach é comhtháthú beartas ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe chun go n-áiritheofar cur chun feidhme comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach Chlár Oibre 2030, ar sprioc SFI ann féin é. *CUIREANN SÍ I dTREIS* go bhfuil dul chun cinn déanta maidir le héilimh a eascraíonn ó chomhtháthú beartas ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a rinneadh roimhe seo, lena mbunaítear raon leathan uirlisí agus sásraí chun bonn eolais níos fearr a chur ar fáil do phróisis chinnteoireachta, lena n-áirítear an t-ailíniú rialála agus buiséadach le SFIanna, lena dtomhaistear rannchuidiú na mbeartas le SFIanna, agus comhbhabhtálacha, sineirgí agus éifeachtaí iarmharta á gcur san áireamh ag an am céanna. *AITHNÍONN SÍ* na céimeanna atá glactha ag an gCoimisiún chun na SFIanna a phríomhshruthú, i gcomhréir le hathbhreithniú 2021 ar an gcreat beartais maidir le rialáil níos fearr, chun cabhrú lena áirithiú go rannchuideoidh gach togra reachtach le Clár Oibre 2030, agus chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuidíonn gach cláir aonair faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027 agus faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le cur chun feidhme SFIanna. *AITHNÍONN SÍ* go bhfuil tionscnaimh chomhlántacha á gcur chun feidhme freisin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, rud a fhágann gur fearr a bheifear in ann cinntí a dhéanamh a bheidh bunaithe ar thorthaí agus ar fhianaise. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún féachaint ar roghanna chun a thuairisciú buiséadach a neartú, mar shampla an caiteachas a bhaineann le SFIanna a rianú, agus níos mó oibre a dhéanamh i dtaca leis an ngealltanas eolas a thabhairt maidir le cur chun feidhme SFIanna i gcláir ábhartha uile an Aontais, agus comhbhabhtálacha, sineirgí agus éifeachtaí iarmharta á gcur san áireamh freisin. *IARRANN SÍ* ar na Ballstáit coinneáil orthu ag forbairt agus ag cur feabhais ar ailíniú rialála agus buiséadach le modheolaíochtaí SFIanna agus tacú le rannpháirtíocht na rialtas réigiúnach agus áitiúil sna cleachtaí sin agus feabhas a chur ar an rannpháirtíocht sin ag an am céanna agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cleachtaí piarfhoghlama a éascú trí Chúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise (TAIEX), a mbeidh riaracháin phoiblí áitiúla páirteach iontu freisin.

(19) *CUIREANN SÍ i dTREIS* gur gá rialachas il-leibhéil níos cuimsithí sna próisis chinnteoireachta le haghaidh PCSD agus gur gá sineirgí idir beartais Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun go mbeidh siad ailínithe ar bhealach níos fearr le spriocanna ábhartha eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil agus go gcuirfidh siad leis na spriocanna sin. Dá bhrí sin, *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún chun dul i mbun oibre le réigiúin agus cathracha, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, institiúidí acadúla agus páirtithe leasmhara eile, maidir le hAthbhreithniú Deonach an Aontais, agus maidir le rialachas il-leibhéil ina mbeidh samplaí nithiúla áitiúla agus réigiúnacha a chur san áireamh. Mar sin féin, i bhfianaise chur chuige níos comhsheasmhaí ón Aontas maidir le cur chun feidhme SFIanna, *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* an iarraidh ar an gCoimisiún ardán comhairliúcháin rialta a bhunú agus a áirithiú i ndáil le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, agus róil CESE agus Coiste Eorpach na Réigiún á gcur san áireamh, agus le rannpháirtíocht pholaitiúil fhadtéarmach agus tiomantas an Choimisiúin, ról a thabhairt do réimse leathan páirtithe leasmhara san obair a dhéanann an tAontas maidir le SFIanna, ina mbeidh ballraíocht chuimsitheach ionadaíoch, chun cur chuige na sochaí ina hiomláine a éascú agus chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht agus ar chur i gcrích SFIanna.

(20) *FÓGRAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI* an tionscnamh ón gCoimisiún chun faireachán agus meastóireacht ar SFIanna ábhartha a leabú faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh, agus cuideofar, leis sin, le rannchuidiú beartais an Aontais agus na mBallstát le Clár Oibre 2030 a ailíniú ar bhealach níos fearr, agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a hiarraidh ar an gCoimisiún a mharana a dhéanamh faoi mheasúnú eatramhach ar an bpróiseas sin mar rannchuidiú le cur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach an Aontais maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus *MEABHRAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá uirlisí réamh-mheasta, mar shampla, modhanna fadbhreathnaitheachta, ar cheart feabhas a chur orthu de réir a chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar scrogaill a bhaineann le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* go bhfuil an Seimeastar Eorpach ag díriú níos mó ar dhinimic réigiúnach mar chuid lárnach de straitéis fáis na hEorpa i gcomhréir le Clár Oibre 2030, agus go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún go leor béime a leagan ar chomhthéacsanna agus ar réaltachtaí réigiúnacha, agus tugann sí dá haire ag an am céanna gurb é an Seimeastar an creat atá ag an Aontas i gcónaí chun comhordú agus faireachas a dhéanamh ar bheartais fhioscacha, eacnamaíocha agus fostaíochta.

(21) *FÓGRAÍONN SÍ GUR MÓR AICI* na hiarrachtaí leanúnacha atá déanta ag Eurostat chun cuspóirí agus uaillmhian Chlár Oibre 2030 a iompú ina dtáscairí agus ina sonraí fóinteacha chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais agus na mBallstát maidir le SFIanna a bhaint amach, agus a n-ábharthacht beartais ó thaobh an Aontais de á cur san áireamh freisin. Ar an gcaoi chéanna, *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* Rún VII/030 ó Choiste Eorpach na Réigiún, ina léirítear a thábhachtaí atá sé go mbeadh sonraí ar leibhéal NUTS-2 sna sásraí faireacháin ar SFIanna ar leibhéal an Aontais chun léargas níos fearr a thabhairt ar an staid mar atá agus ar na héagothromaíochtaí agus na neamhionannais chríochacha atá i dtíortha cheana. Dá bhrí sin, *IARRANN SÍ* ar Eurostat agus ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun infhaighteacht táscairí agus sonraí críochacha a leathnú, lena n-áirítear trí fhoinsí sonraí nuálacha a fhorbairt agus a chomhtháthú, mar shampla, faisnéis gheospásúil agus sonraí um fhaire na cruinne, saintréithe agus dálaí áitiúla a ghabháil chun dul chun cinn SFIanna i dtíortha a rianú ar bhealach níos fearr agus aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá ann cheana, chomh maith lena n-iarrachtaí táscairí iltoiseacha a fhorbairt chun PCSD a thomhas ar bhealach níos fearr ar gach leibhéal críochach. Thairis sin, *IARRANN SÍ* ar Eurostat ról gníomhach a imirt san athchóiriú faoi stiúir na Náisiún Aontaithe ar Chóras na gCuntas Náisiúnta faoi 2025, agus é mar cheann de na cuspóirí feabhas a chur ar chumas an chórais faireachán a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar an dul chun cinn atá déanta maidir le dea-bhail agus inbhuanaitheacht ar bhealach níos comhtháite, i gcomhréir le héirim na gconclúidí ón gComhairle maidir le Geilleagar na Dea-Bhaile 2019 agus *IARRANN SÍ* ar Eurostat sonraí agus táscairí a dhí-chomhiomlánú de réir inscne i gcónaí.

(22) *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an méadú atá ag teacht ar líon na n-údarás réigiúnach agus áitiúil a dhéanann Athbhreithnithe Áitiúla Deonacha agus Athbhreithnithe Fonáisiúnta Deonacha agus a mhéid a chuireann siad leis an dul chun cinn agus leis an gcuntasacht fhoriomlán i dtaca le SFIanna a neartú, an bhearna idir cláir oibre dhomhanda agus réaltachtaí áitiúla a dhúnadh, agus úinéireacht na saoránach a chothú i dtaca le SFIanna a chur i gcrích, mar uirlis thábhachtach chun measúnú níos mionsonraithe agus níos caolchúisí a dhéanamh chun Athbhreithnithe Náisiúnta Deonacha a chomhlánú agus chun eolas a roinnt i measc na rialtas áitiúil agus réigiúnach. Ar an gcaoi chéanna, *TUGANN SÍ AITHEANTAS* don obair atá déanta ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh, faoi chuimsiú thionscadal Regions2030, a thugann tacaíocht do chathracha maidir le tuairisciú SFIanna trína Athbhreithniú Áitiúil Deonach féin agus *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún síneadh a chur le sainordú an Airmheáin chun oibriú le Réigiúin eile. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú leis na cleachtaí sin agus teacht ar bhealaí chun iad a áireamh agus a léiriú ar bhealach comhtháite níos fearr ina gcleachtaí athbhreithnithe deonacha féin. *MEABHRAÍONN SÍ* an iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú deonach nua a thíolacadh ar SFIanna a bheith á gcur chun feidhme ag an Aontas ar a laghad uair amháin gach 4 bliana agus ar a dhéanaí roimh an gcéad chruinniú mullaigh eile maidir le SFIanna. Agus an méid sin á dhéanamh aici, *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* an iarraidh ar an gCoimisiún próiseas rannpháirtíochta a bhunú a bheidh tráthúil, oscailte, trédhearcach agus il-leibhéil chun an chéad athbhreithniú deonach eile de chuid an Aontais a ullmhú, le rannpháirtíocht ghníomhach na Comhairle, agus i ndlúthchomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le Treoirlínte na Náisiún Aontaithe.

(23) *AITHNÍONN SÍ* gur príomhchumasóir é an t-oideachas agus an oiliúint chun SFIanna a bhaint amach agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag an earnáil chun tacú le saoránaigh, gan beann ar aois, foghlaim faoi SFIanna agus chun an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí is gá a fhorbairt chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun tosaigh agus chun cinn. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* go bhfuil ról níos mó á thabhairt do chultúr sna córais oideachais, i gcleachtais agus in oideolaíochtaí[8], agus go bhfuil SFI 4 a chur chun cinn mar gheall air sin. *IARRANN SÍ* ar réigiúin agus ar rialtais áitiúla coinneáil orthu ag cur deiseanna foghlama ar fáil san Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe agus don tSaoránacht Dhomhanda i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla araon, lena n-áirítear tríd an gcultúr.

---

8 *Report on the implementation of the resolution on Culture and Sustainable Development A/78/217* [Tuarascáil maidir le cur chun feidhme an rúin maidir leis an gcultúr agus leis an bhforbairt inbhuanaithe]